

COMHDHÁIL AR AONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– POBLACHT NA MOLDÓIVE –

An Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

AD 81/1/26
REV 1

LIMITE

CONF-MD 19

DOICIMÉAD AONTACHAIS

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Cnuasach 3: Iomaíochas agus fás cuimsitheach

CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS

Poblacht na Moldóive

COMHSHEASAMH ÓN AONTAS

(ag eascairt as Seasamh Caibidlíochta na Moldóive AD 31/26 CONF-UA 6)

Cnuasach Caibidlíochta: 3

Iomaíochas agus fás cuimsitheach

Lena n-áirítear caibidlí 10 - An claochlú digiteach agus na meáin, 16 - Cánachas, 17 – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, 19 - Beartas sóisialta agus fostaíocht, 20 – Beartas fiontraíochta agus beartas tionsclaíoch, 25 - Eolaíocht agus taighde, 26 – Oideachas agus cultúr, 29 - An t-aontas custaim

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na comhdhála aontachais leis an Moldóiv (AD 11/24 CONF-MD 2), agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhorhmuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh an Moldóiv nó an tAontas in iúl maidir le caibidil shonrach den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;
- d'fhéadfadh sé nach measfaí gur comhaontuithe críochnaitheacha iad comhaontuithe ar thángthas orthu le linn na caibidlíochta maidir le caibidlí sonracha, fiú amháin comhaontuithe páirteacha, go dtí go dtiocfar ar chomhaontú foriomlán maidir leis na caibidlí uile;

agus tá sé faoi réir na gceanglas a leagtar amach i bpointí 5, 12, 42, 49, 50, 51 agus 52 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Mholdóiv, i seasamh [AD 31/26 CONF-MD 6] uaithi, le *acquis* an Aontais faoi Chnuasach 3 mar atá i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2026 agus go ndearbhaíonn sí go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach, cé is moite de réimsí i gcaibidlí 10 agus 16 dár iarr an Mholdóiv idirthréimhsí mar a leagtar amach thíos.

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí na Moldóive ar idirthréimhsí agus maoluithe, meabhraíonn an tAontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta go bhfuil bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus go bhfuil plean ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfaidh saobhadh suntasach iomaíochta a bheith dá dtoradh.

1. Caibidil 10 – an claochlú digiteach agus na meáin

Is díol sásaimh don Aontas **leagan amach institiúideach** dea-struchtúrtha na Moldóive agus a hardleibhéal **ailínithe dhlíthiúil**. Tugann an tAontas dá aire an dul chun cinn atá déanta ag an Moldóiv i réimse an chlaochlaithe dhigitigh, go háirithe maidir le digiteáil na seirbhísí poiblí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv sásra láidir faireacháin a áirithiú chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta mar chuid dá Straitéis Náisiúnta um Chlaochlú Digiteach, bunaithe ar tháscairí Innéacs an Aontais um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigitheach. Tugann an tAontas dá aire go dearfach dlí nua na Moldóive maidir leis an gcibearshlándaíl atá ailínithe leis an Dara Treoir NIS¹.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais i réimse **na cumarsáide leictreonaí agus na dteicneolaíochtaí faisnéise**. Is díol sásaimh don Aontas an iarracht atá déanta ag an Moldóiv chun ailíniú leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach² trína dréacht-Dlí maidir le cumarsáid leictreonach, agus molann an tAontas don Mholdóiv tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh freisin maidir le trasuí an Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte³ agus an Ghnímh um Bonneagar Gigighiotáin⁴. Dearbhaíonn an tAontas gur díol sásaimh dó trasuí *acquis* fánaíochta an Aontais arna dhéanamh ag an Moldóiv, lenar cumasaíodh a haontachas leis an limistéar ‘Fánaíocht ar Tháillí Baile’, an 1 Eanáir 2026. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Mholdóiv ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais maidir le geobhlocáil⁵ agus cineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach a áirithiú. Ina theannta sin, molann an tAontas don Mholdóiv bearta Bhosca Uirlisí Cibearshlándaála 5G a chur chun feidhme (trí na fodhlíthe is gá) agus ailíniú le Cinneadh UHF⁶.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais i réimse **na seirbhísí digiteacha**. Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint de bheith ag féachaint le hailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais sa réimse sin.

¹ Treoir (AE) 2022/2555

² Treoir (AE) 2018/1972

³ Rialachán (AE) 2015/2120

⁴ Rialachán (AE) 2024/1309

⁵ Rialachán (AE) 2018/302

⁶ Cinneadh (AE) 2017/899

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais i réimse na **sonraí**. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv dlús a chur lena cuid iarrachtaí ailíniú le *acquis* an Aontais sa réimse, go háirithe leis an nGníomh um Shonraí agus leis an nGníomh um Rialachas Sonraí.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le **hiontaoibh dhigiteach agus cibearshlándaíl**. Molann an tAontas don Mholdóiv dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ailíniú iomlán leis an rialachán maidir le Creat an Aontais um Chéannacht Dhigiteach, agus ailíniú le bosca uirlisí cibearshlándaála 5G an Aontais.

Is díol sásaimh don Aontas ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais i **réimse na meán closamhairc**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil pleananna na Moldóive i gcomhréir le creataí beartais an Aontais. Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint dá hiarrachtaí maidir le hathchóirithe reachtacha agus institiúideacha i réimsí chosaint na n-iriseoirí, neamhspleáchas rialtóir na meán, trédhearcacht úinéireachta, agus rialáil na fógraíochta stáit. Ina theannta sin, molann an tAontas don Mholdóiv acmhainneacht riaracháin a comhlachtaí rialála a neartú chun an Cód Closamhairc a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leas iomlán a bhaint as an gClár don Eoraip Dhigiteach.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Mholdóiv ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le **leathsheoltóirí**. Molann an tAontas don Mholdóiv na bearta is gá a dhéanamh chun ailíniú a bhaint amach.

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Mholdóiv ailínithe le *acquis* an Aontais maidir leis an **intleacht shaorga**. Molann an tAontas don Mholdóiv na bearta is gá a dhéanamh chun ailíniú a bhaint amach. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil creat dlíthiúil agus straitéiseach i bhfeidhm ag an Moldóiv chun **an t-éilliú a chomhrac i réimse an chlaochlaithe dhigitigh**. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv acmhainneacht a threisiú agus forfheidhmiú a fheabhsú. Ní mór dó freisin nósanna imeachta ceapacháin d'institiúidí rialála a ailíniú le caighdeáin an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire iarrataí na Moldóive ar idirthréimhsí don *acquis* maidir leis an gcaibidil seo. Go háirithe:

- a. Iarrann an Mholdóiv idirthréimhse 6 bliana ó dháta an aontachais nó faoin 31 Nollaig 2035 chun an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chur chun feidhme ina iomláine.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a tíolacadh chun tacú leis an iarraidh. Molann an tAontas go bhfillfí ar an iarraidh sin ag céim níos déanaí den chaibidlíocht aontachais. Idir an dá linn, tá an tAontas fós ar fáil chun tacú leis an Moldóiv ina hiarrachtaí chun an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh.

- b. Tugann an tAontas dá aire, tar éis ailíniú leis an *acquis* ábhartha le cur chun feidhme Bhosca Uirlisí 5G an Aontais faoi mhí na Nollag 2027, go n-iarrann an Mholdóiv idirthréimhse chun deireadh a chur de réir a chéile le trealamh soláthraithe ardriosca ó líonraí atá ann cheana, bunaithe ar staidéar a rinneadh idir 2025 agus 2026.

Molann an tAontas go bhfillfí ar an iarraidh i ndiaidh do thorthaí an staidéir a bheith curtha i láthair.

- c. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhféadfaidh an Mholdóiv idirthréimhsí breise a iarraidh don Gníomh um an Intleacht Shaorga, don Gníomh um Shonraí, don Gníomh um Rialachas Sonraí, agus don Gníomh um Shliseanna.

Molann an tAontas go bhfillfí ar an iarraidh sin ag céim níos déanaí den chaibidlíocht aontachais. Idir an dá linn, iarrann an tAontas ar an Moldóiv dul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú dlíthiúil.

2. Caibidil 16 – Cánachas

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat dlíthiúil na Moldóive i gcomhréir go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le cáin bhreisluacha (CBL). Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a reachtaíocht náisiúnta maidir le CBL a thabhairt i gcomhréir le *acquis* an Aontais, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar na díolúintí CBL, ar an sainmhíniú ar dhaoine inchánacha, ar na rialacha maidir leis an áit a soláthraítear seirbhísí, ar raon feidhme na ndíolúintí agus na n-idirbheart nialas-rátaithe, ar na hasbhaintí, ar na scéimeanna speisialta éigeantacha, ar chur i bhfeidhm rátaí laghdaithe CBL, agus trí chóras éifeachtach aisíocaíochta CBL a bhunú, agus tríd an gcóras riaracháin CBL a neartú. Ba cheart don Mholdóiv plean gníomhaíochta a thíolacadh (faoi dheireadh 2026) chun ailíniú leis an *acquis* bunaithe ar mheastóireacht shistéamach costais agus tairbhe ar dhreasachtaí fíoscacha a fhreastalaíonn ar spriocanna infheistíochta straitéiseacha agus orthu siúd a bhaineann an bonn de bhailiú ioncaim agus/nó a shaobhann an iomaíocht.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart don Mholdóiv a reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le cánachas gluaisteán, caipiteal a chruinniú agus dleachtanna máil ar tháirgí fuinnimh; tobac agus alcól. Áirítear leis sin féilire maidir le hailíniú de réir a chéile le rátaí dleachta máil an Aontais ar alcól, tobac agus táirgí fuinnimh, a ghlacadh agus a chur chun feidhme.

Tugann an tAontas dá aire iarraidh na Moldóive ar idirthréimhsí chun an *acquis* CBL a chomhlíonadh agus meabhraíonn sé go bhféadfadh aon diall ó chóras CBL an Aontais, i ndáil leis an mbonn cánach, tionchar a bheith aige ar acmhainní dílse an Aontais, ar ghá an bonn measúnaithe ina leith a choigeartú i gcomhréir leis an *acquis* ábhartha.

Go háirithe, iarrann an Mholdóiv na hidirthréimhsí seo a leanas ó *acquis* CBL:

- a. Idirthréimhse **4 bliana** ó dháta an aontachais maidir le díolúintí CBL a chur i bhfeidhm, gan ceart asbhainte ar dhíol agus léasú talún agus maoine cónaithe. Measann an Mholdóiv go bhfuil gá leis an iarraidh sin chun saobhadh margaidh a sheachaint agus méadú tobann ar phraghsanna réadmhaoine a chosc, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar inacmhainneacht tithíochta agus ar chobhsaíocht an mhargaidh. Áitíonn an Mholdóiv, leis an socrú idirthréimhseach atá beartaithe, go soláthrófaí an t-am is gá chun sásraí maolaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh méaduithe féideartha ar phraghsanna agus chun an tionchar ar an leibhéal cumhachta ceannaigh réadaigh a fhritháireamh.

Iarrann an tAontas ar an Moldóiv féachaint an bhféadfaí rátaí laghdaithe a bheith ann mar rogha mhalartach ar dhíolúine. Measann an tAontas gur féidir na cuspóirí lena dtugtar údar don iarraidh a bhaint amach trí bhearta a cheapadh atá i gcomhréir le *acquis* CBL an Aontais. Meabhraítear don Aontas go bhforáiltear cheana féin sa Treoir maidir le CBL do dhíolúintí áirithe a bhaineann le foirgnimh agus leis an talamh ar a bhfuil siad agus a bhaineann le talamh nár tógadh air. Is le cáilíocht na talún nó an fhoirgnimh a chinntear an chóireáil CBL is infheidhme. Tugann an tAontas dá aire an aidhm atá ann tithíocht shóisialta agus catagóirí eile a chosaint. Mar sin féin, measann an tAontas nach bhfuil gá le maolú chun an cuspóir sin a bhaint amach i bhfianaise Airteagal 98, mír 2, pointe (a), agus Iarscríbhinn III, pointe (10) de Threoir 2006/112/CE, lena mbunaítear rátaí laghdaithe d'earnáil na réadmhaoine mar chuid den bheartas sóisialta. Dá réir sin, measann an tAontas, nach gá aon socruithe idirthréimhseacha breise a dhéanamh ós rud é go soláthraítear an tsolúbthacht is gá leis an Treoir maidir le CBL.

- b. Idirthr  imhse **10 mbliana**   dh ta an aontachais maidir le CBL a chur i bhfeidhm ar **fh ntais agus ar shol thar leictreachais le haghaidh  s id ch naitheach**. Chun aistri  rian il a  asc  agus ionas go mbeidh a nd thain ama ag an rialtas taca ocht spriocdh r the a chur chun feidhme do theaghlaigh leochaileacha, iarrtar idirthr  imhse suas go 2037 le haghaidh d  ol int  CBL. Measann an Mhold iv go bhfuil g  leis an iarraidh sin chun go mbeidh cumhacht ceannaigh an daonra in ann coigeart  de r ir a ch ile. Ina theannta sin, chun an tionchar eacnama och agus s isialta a bhaineann le costais na bh ntas at  ag dul i m id a mhaol  a thuilleadh, chuirfeadh an Mhold iv r ta laghdaithe CBL 5 faoin gc ad i bhfeidhm de r ir a ch ile le haghaidh na bh ntas thar thr  imhse 3 bliana,   2037 go 2039. Faoin bplean sin, beidh cine l  ntais nua faoi r ir an r ta laghdaithe CBL gach bliain.

Measann an tAontas gur f idir na cusp ir  lena dtugtar  dar don iarraidh a bhaint amach tr  bhearta a cheapadh at  i gcomhr ir le *acquis* CBL an Aontais. Measann an tAontas nach bhfuil g  le hiarraidh ar dh  ol ine   CBL go dt  2037 i bhfianaise Airteagal 98 m r 2, pointe (a), agus Iarscr bhinn III point  (2), (18) agus (22) de Threoir 2006/112/CE, lena bhfor iltear do r ta  laghdaithe d'fh ntais agus do shol thar leictreachais agus uisce. D  bhr  sin, iarrann an tAontas ar an Mold iv f achaint an bhf adfa  r ta  laghdaithe a chur i bhfeidhm mar rogha mhalartach ar dh  ol ine (a bhf adfadh saobhadh ioma ochta a bheith d  dtoradh) agus f ilire a chur chun feidhme chun ail ni  de r ir a ch ile le h  sr ta  an Aontais a bhaint amach gan mhoill. Ina theannta sin, meabhra onn an tAontas go bhf adfaidh an Coimisi n, faoin Treoir maidir le C nachas Fuinnimh,  dar  a thabhairt d'aon Bhallst t d  ol int  n  laghduithe breise a thabhairt isteach le haghaidh breithnithe sonracha beartais. Iarrann an tAontas ar an Mold iv athbhreithni  a dh anamh ar an bhf ilire at  beartaithe aici le haghaidh ail ni  leis an *acquis*, agus na breithnithe sin   gcur san  ireamh.

- b. Idirthr  imhse **5 bliana**   dh ta an aontachais i dtaca le d  ol int  CBL a chur i bhfeidhm maidir le **hionchuir agus trealamh talmha ochta**. Le linn na tr  imhse sin, coinneoidh an Mhold iv na d  ol int  at  ann cheana chun tac  leis an earn il talmha ochta   f in a chur in oiri int do dh ala  fioscacha agus margaidh mhargadh inmhe nach an Aontais. M n onn an Mhold iv go bhfuil an beart sin r th bhachtach chun nuach iri  na hearn la talmha ochta, laghd  na gcostas t irg the do th irgeoir  pr iomh la, agus neart  an ioma ochais i gceantair thuaithe a  irithi . Leis an idirthr  imhse, beifear in ann ail ni  a dh anamh de r ir a ch ile le Treoir 2006/112/CE maidir le CBL agus cosn far inbhuanaitheacht shocheacnama och gheilleagar talmha ochta na Mold ive.

Measann an tAontas gur féidir na cuspóirí lena dtugtar údar don iarraidh a bhaint amach trí bhearta a cheapadh atá i gcomhréir le *acquis* CBL an Aontais. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv athmhachnamh a dhéanamh ar an iarraidh uaithi agus breathnú ar bhearta malartacha beartais chun tacú leis an earnáil talmhaíochta, go háirithe trína céatadáin chúitimh ar ráta comhréidh faoin gcomhscéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí, a bheadh ailínithe leis an Treoir maidir le CBL.

Ar an iomlán, i bhfianaise na gcúiseanna a cuireadh chun cinn thuas, iarrann an tAontas ar an Moldóiv athmhachnamh a dhéanamh ar a hiarrataí ar idirthréimhse (a) go (c) a bhaineann le *acquis* CBL.

Iarrann an Mholdóiv na hidirthréimhsí seo a leanas chomh maith ón ***acquis* máil**:

- c. Idirthréimhse **5 bliana** ó dháta an aontachais maidir leis an ráta dleachta máil ar dhíosail a mhéadú de réir a chéile chun íosleibhéil cánachais an Aontais is infheidhme maidir le breoslaí móitair dar luach EUR 330 in aghaidh gach 1,000 lítear a bhaint amach, mar a bhunaítear faoin Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh 2003/96/CE.

Tugann an tAontas an iarraidh dá aire. Measann an tAontas gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fhéilire beartaithe na Moldóive maidir le hailíniú leis an *acquis* i bhfianaise na n-éifeachtaí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ag na rátaí níos ísle sin, le go mbeidh sé in ann seasamh a ghlacadh maidir leis an iarraidh sin. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv féilire a chur chun feidhme chun ailíniú de réir a chéile le híoschoinníollacha an Aontais a bhaint amach go tráthúil agus molann sé filleadh ar an iarraidh tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféilire sin.

Iarrann an Mholdóiv freisin na hidirthréimhsí seo a leanas ón ***acquis* cánachais dhírigh**, eadhon ó Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle i ndáil leis na córais chánach speisialta faoina Saorchriosanna Eacnamaíocha agus faoina páirceanna TF:

- a. Idirthréimhse **5 bliana** ó dháta an aontachais maidir le deireadh a chur de réir a chéile le córas cánach na Saorchriosanna Eacnamaíocha. Bheadh tionchar ag an idirthréimhse sin ar 52 oibreoir eacnamaíocha san iomlán, rud a chuirfeadh ar a gcumas a n-oibríochtaí reatha a thabhairt i gcrích mar a bhí beartaithe agus mar a comhaontaíodh go dlíthiúil leis an Rialtas.

- b. Idirthréimhse **6 bliana** ó dháta an aontachais maidir le deireadh a chur de réir a chéile le córas cánach na Páirce TF. Mhínigh an Mholdóiv go raibh an córas cánach sin beartaithe mar chur chuige aonuaire a bheadh infheidhme ar feadh tréimhse theoranta ama, ó 2016 go dtí deireadh 2035. Measann sé go bhfuil gá leis an idirthréimhse chun go mbeifear in ann na 10 dtoradh eacnamaíocha atá beartaithe a bhaint amach arb é is aidhm dóibh an córas cánach fabhrach sin a chur chun feidhme.

Tugann an tAontas an iarraidh dá aire. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir leis na córais chánach is infheidhme sa saorchrios eacnamaíoch agus sa Pháirc TF chun gur féidir dul i gcomhairle amach anseo leis an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) chun measúnú a dhéanamh ar na córais chánach ábhartha agus chun a shoiléiriú nach córais chánach fhabhracha dhíobhálacha ná gnéithe cánach a bhfuil feidhm ghinearálta acu laistigh de raon feidhme an Chóid Iompair iad na forálacha lena mbaineann. Ina theannta sin, iarrann an tAontas tuilleadh faisnéise maidir le líon na máthaireintiteas deiridh de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle chun a fháil amach an féidir leis an Moldóiv rogha a dhéanamh moill a chur ar chur i bhfeidhm na rialach maidir le cuimsiú ioncaim (IIR) agus na rialach maidir le híocaíochtaí faoi thearc-cháin (RÍFTC). Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go gceanglaítear ar an Moldóiv, mar thír is iarrthóir, socrúithe a dhéanamh maidir leis na Saorchriosanna Eacnamaíocha agus maidir le Páirceanna TF i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Meabhraítear don Aontas, i réimse an chánachais dhírigh, go bhfuil an reachtaíocht fós le hailíniú go hiomlán le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear an Treoir maidir le Cumaisc agus Fálacha⁷, an Treoir maidir le Máthairchuideachtaí agus Fochuideachtaí⁸, an Treoir maidir le hÚs agus Ríchíosanna⁹, an Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (ATAD)¹⁰, Treoir Cholún 2¹¹, an Treoir maidir leis an Sásra um Réiteach Díospóidí¹². Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór caitheamh go cothrom le gach ábhar cánach a fheidhmíonn a gcearta saorghluaiseachta faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus nach mór deireadh a chur, tráth an aontachais, le haon reachtaíocht chánach náisiúnta lena ndéantar idirdhealú idir cáiniocóirí neamhchónaitheacha agus cáiniocóirí cónaitheacha.

⁷ Treoir 2009/133/CE ón gComhairle

⁸ Treoir 2011/96/AE ón gComhairle

⁹ Treoir 2003/49/CE ón gComhairle

¹⁰ Treoir 2016/1164/AE ón gComhairle

¹¹ Treoir 2022/2523/AE ón gComhairle

¹² Treoir 2017/1852/AE ón gComhairle

Tugann an tAontas dá aire gur beag ailíniú atá déanta ag córas cánach na Moldóive maidir le comhar riaracháin agus cánachas agus go bhfuil sé measartha ullamh ó thaobh digitiú de. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv acmhainneacht agus sláine riaracháin leordhóthanach an Riaracháin Cánach a áirithiú. Meabhraítear don Aontas gur gá don Mholdóiv iarrachtaí a threisiú chun idirnascadh agus idir-inoibritheacht le córais TF cánach an Aontais a bhaint amach.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil na struchtúir agus na huirlisí i bhfeidhm ag an Moldóiv chun éilliú sa chóras cánach a chosc. Leagann an tAontas béim ar an tábhacht atá le leanúint de chásanna éillithe a bhaineann le cánachas a chosc agus a ionchúiseamh. Ina theannta sin, molann an tAontas don Mholdóiv treisiú a dhéanamh ar chórais faireacháin cásanna éillithe a bhaineann le cánachas, agus treisiú a dhéanamh ar chumas na n-institiúidí forfheidhmithe dlí na cásanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Caibidil 17 – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta

Is díol sásaimh don Aontas, maidir leis an mbeartas airgeadaíochta, go bhfuil ardleibhéal ailínithe ag an Moldóiv le *acquis* an Aontais maidir le toirmeasc a chur ar rochtain phribhléideach a bheith ag an earnáil phoiblí ar institiúidí airgeadais. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil reachtaíocht na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le neamhspleáchas an bhainc ceannais agus maidir le toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta don earnáil phoiblí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán neamhspleáchas feidhmiúil, institiúideach, pearsanta agus airgeadais an bhainc ceannais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv iarrachtaí a threisiú chun a áirithiú go mbeidh cuspóirí Bhanc Náisiúnta na Moldóive i gcomhréir le *acquis* an Aontais, agus chun neamhspleáchas pearsanta iomlán ghobharnóir an Bhainc sin, agus chomhlachtaí cinnteoireachta an Bhainc sin, a ráthú, agus go ndéanfaidh an Mholdóiv bearta freisin chun cur isteach rialtais nó parlaiminteach ar chomhlachtaí agus ar chomhaltaí an Bhainc Náisiúnta a chosc. Meabhraítear don Aontas nach mór don Mholdóiv a áirithiú go ndéanfaidh Banc Náisiúnta na Moldóive an toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta agus an cosc ar rochtain phribhléideach a chomhlíonadh ina iomláine.

Mar a fhoráiltear sa Chreat Caibidlíochta, ní bheidh an Mholdóiv mar chuid den limistéar euro agus den Eurochóras láithreach bonn tar éis an aontachais.

Is díol sásaimh don Aontas, maidir leis an mbeartas eacnamaíoch, go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Moldóiv ó thaobh a rialachas fíoscach a neartú. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil ailíniú páirteach déanta ag an Moldóiv ar an reachtaíocht náisiúnta le *acquis* an Aontais maidir le réamhaisnéisí **maicreacnamaíocha**, cuntasaíocht agus staidreamh, rialacha fíoscacha uimhriúla, creata buiséadacha meántéarmacha, institiúidí fíoscacha neamhspleácha, trédhearcacht airgeadas ginearálta an rialtais, agus an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar chóras cuntasaíochta poiblí agus staidreamh airgeadais rialtais na Moldóive, chun institiúid fhíoscach neamhspleách a bhunú, agus chun a próiseas réamhaisnéise maicreacnamaíoch agus buiséadach a neartú trí chreat réamhaisnéise comhtháite, agus chun a creat buiséadach meántéarmach a neartú. Cuireann an tAontas chun suntais go mbeidh gá le tuilleadh iarrachtaí chun tráthúlacht agus cáilíocht na sonraí ábhartha uile faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a áirithiú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv a reachtaíocht bhuiséadach agus a cleachtais bhuiséadacha a ailíniú leis na ceanglais a leagtar síos in *acquis* an Aontais maidir le creataí buiséadacha náisiúnta.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil creat reachtach agus institiúideach i bhfeidhm ag an Moldóiv **maidir le comhrac an éillithe** sa bheartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv dul chun cinn a dhéanamh maidir lena chur chun feidhme agus maidir le héilliú a chosc agus maidir le hionracas oifigeach poiblí.

Caibidil 19 – Beartas sóisialta agus fostaíocht

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le **Colún Eorpach na gCeart Sóisialta**. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv tiomanta cloí le beartas agus prionsabail an Aontais lena dtreoraítear a bheartais shóisialta agus fostaíochta. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv oibriú i dtreo tuilleadh ailínithe le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí straitéisí nua agus uirlisí bailithe sonraí a ghlacadh, agus a áirithiú go n-úsáidfear na hionstraimí uile atá ar fáil chun cur chun feidhme agus baint amach chuspóirí an Cholúin a chur chun cinn.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **dlí an tsaothair**¹³ agus molann sé don Mholdóiv ailíniú breise a dhéanamh leis. Tá gá le tuilleadh ailínithe i réimsí na faisnéise, an chomhairliúcháin agus rannpháirtíocht na n-oibrithe, na ndálaí oibre, an ama oibre agus dhlí an tsaothair san iompar agus ní mór ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le gnóthais a aistriú a chur i gcrích. Beidh ar an Moldóiv ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le hoibrithe a phostú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv acmhainneachtaí riaracháin maidir le forfheidhmiú agus cigireacht a neartú, agus iad a chur i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta saothair.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé ar intinn ag an Moldóiv measúnú tionchair a dhéanamh chun an dáta tosaigh a chinneadh le haghaidh chur chun feidhme Threoir 2008/94/CE maidir le fostaithe a chosaint i gcás dhócmhainneacht a bhfostóra.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le **sláinte agus sábháilteacht ag an obair**. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil gá le hailíniú breise le *acquis* an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, lena n-áirítear leis an Treoir Réime, an treoir maidir le trealamh cosanta pearsanta, an treoir maidir le láithreáin tógála shealadacha nó shoghluaiste, an treoir maidir leis an tionscal asbhainte mianraí ar an dromchla agus faoi thalamh, an treoir maidir le tionscail asbhainte mianraí trí dhruileáil, chomh maith le teoracha lena gcumhdaítear rioscaí sonracha lena n-áirítear oibreáin cheimiceacha, bhitheolaíocha agus fhisiceacha, mar shampla, an treoir maidir le nochtadh do chreathadh, an treoir maidir le cosc ar ghortuithe géara san earnáil ospidéal agus cúraim sláinte, an treoir maidir le radaíocht optúil shaorga, an treoir maidir le hoibreáin cheimiceacha, an treoir maidir le haispeist ag an obair agus an treoir maidir le carcanaiginí, só-ghineacha nó substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh. Ní mór an t-ailíniú leis an treoir maidir le láimhseáil ualaí de láimh, leis an treoir maidir leis an áit oibre, leis an treoir maidir le hatmaisféar pléascach, leis an treoir maidir le nochtadh do thorann, leis an treoir maidir le réimsí leictreamaighnéadacha, leis an gceathrú liosta den treoir maidir le teorainnluachanna táscacha nochta ceirde agus leis an gcúigiú liosta den treoir maidir le teorainnluachanna táscacha nochta ceirde a thabhairt chun críche. Meabhraítear don Aontas freisin nach mór don Mholdóiv ailíniú leis na Teoracha maidir le hobair ar bord soithí iascaireachta agus cóir leighis ar bord soithí. Ní mór don Mholdóiv a áirithiú go ndéanfar na nuashonruithe a tugadh isteach i dTeoracha an Aontais maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde a ionchorprú sa reachtaíocht náisiúnta freisin. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil méid áirithe ullmhúcháin déanta ag an Moldóiv maidir leis na gnéithe institiúideacha den tsláinte agus den tsábháilteacht ag an obair. Ní mór di acmhainneachtaí institiúideacha maidir le forfheidhmiú agus cigireacht a neartú, agus iad a chur i gcomhréir leis na caighdeáin saothair idirnáisiúnta.

¹³ Chun an measúnú ar *acquis* an Aontais maidir le dálaí oibre, am oibre agus postú oibrithe i réimse an iompair de bhóthar a fháil, féach seasamh an Aontais maidir le Cnuasach 4, Caibidil 14 (Iompar)

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bunchreat institiúideach agus dlíthiúil i bhfeidhm ag an Moldóiv le haghaidh an **idirphlé shóisialta**. Cuireann an tAontas in iúl go láidir gur gá don Mholdóiv a creat institiúideach a neartú i gcomhréir le caighdeán agus cleachtais an Aontais maidir leis an idirphlé sóisialta, feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach araon agus fothú acmhainneachta a áirithiú do na comhpháirtithe sóisialta.

Tugann an tAontas dá aire, maidir leis an **mbeartas fostaíochta**, go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir leis an gcreat ginearálta le haghaidh beartais fostaíochta, an geilleagar sóisialta agus an t-aistriú cóir, agus maidir le scéimeanna tacaíochta fostaíochta agus fostaíocht don aos óg. Meabhraítear don Aontas gur gá bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair agus scéimeanna tacaíochta fostaíochta a neartú a thuilleadh, go háirithe do dhaoine óga, do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear oibrithe faoi mhíchumas. Ba cheart don Mholdóiv a hacmhainneacht institiúideach a neartú freisin chun na bearta sin a chur i gcrích. Ina theannta sin, ba cheart an Ghníomhaireacht Náisiúnta Fostaíochta a neartú agus a chumasú chun freagairt ar athruithe struchtúracha ar an éileamh ar shaothar.

Maidir leis an aistriú cóir, meabhraítear don Aontas nach mór don Mholdóiv cur chuige uile-shochaí agus uile-rialtais a áirithiú agus spriocanna 2030 an Aontais á gcur chun feidhme aici agus, níos tábhachtaí fós, spriocanna 2050 an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, chomh maith le gealltanais laghdaithe astaíochtaí, agus aird ar leith á tabhairt ar thionchar dáileacháin an aistrithe i dtreo na haeráidneodrachta ar na grúpaí daonra is leochailí, gan aon duine a fhágáil ar lár.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le gnéithe institiúideacha den **chosaint shóisialta agus den chuimsiú sóisialta**. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le beartas an Aontais maidir le cúram fadtéarmach, agus cosaint agus cúram leanaí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an córas cosanta sóisialta a neartú agus rochtain air a fheabhsú, go háirithe trí fheabhas a chur ar leordhóthanacht, cumhdach agus spriocdhíriú na sochar sóisialta, agus béim á leagan ar leanaí, ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar dhaoine faoi mhíchumas, agus trí straitéisí cuimsitheacha a chur chun feidhme maidir leis an mbochtaineacht a laghdú agus maidir leis an gcuimsiú sóisialta. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin dul chun cinn a dhéanamh maidir le dí-institiúidiú agus maireachtáil neamhspleách daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear daoine scothaosta faoi mhíchumas agus leanaí faoi mhíchumas, i gcomhréir le prionsabail an Aontais maidir le seirbhísí pobalbhunaithe agus cearta an linbh agus a seirbhísí cúraim leanaí a fhorbairt a thuilleadh. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv rochtain chothrom inacmhainne ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a áirithiú do gach duine atá i ngátar, mar aon le tacaíocht do chúramóirí neamhfhoirmiúla.

Tugann an tAontas dá haire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **neamh-idirdhealú**, agus maidir le cóir chomhionann idir mná agus fir sa bheartas fostaíochta agus sóisialta. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv a reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais agus bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, *inter alia* an bhearna phá idir na hinscní agus ar thearcionadaíocht na mban in earnálacha ina bhfuil ceannas ag fir. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv cur chun feidhme na mbeart ábhartha a áirithiú agus comhionannas éifeachtach a áirithiú idir mná agus fir san fhostaíocht agus sa bheartas sóisialta.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil creat institiúideach agus reachtaíochta na Moldóive ailínithe go páirteach le *acquis* an Aontais maidir le **Ciste Sóisialta na hEorpa** (CSE). Iarrann an tAontas ar an Moldóiv acmhainneachtaí sna comhlachtaí stáit a fheabhsú chun a áirithiú go mbeidh siad ullamh chun CSE a bhainistiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil bearta agus cláir i bhfeidhm ag an Moldóiv chun **an t-éilliú a chomhrac sa réimse sóisialta agus fostaíochta** agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart cur chun feidhme agus éifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, mar aon le comhar feabhsaithe i measc gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. Tá gá le hailíniú breise le *acquis* an Aontais maidir le cosaint do sceithirí, mar aon le céimeanna chun ionracas i gcigireachtaí saothair agus cuntasacht i gcigireachtaí saothair a fheabhsú. Iarrann an Coimisiún ar údarais na Moldóive tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme coimircí in aghaidh an éillithe agus sásraí formhaoirseachta, go háirithe trí na hacmhainneachtaí riaracháin sna hinstiúidí ábhartha uile a neartú.

Caibidil 20 – Beartas fiontraíochta agus beartas tionsclaíoch

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le **gnéithe cothrománacha de bheartas tionsclaíoch an Aontais**, go háirithe maidir leis an digiteáil, leis an aistriú glas agus leis an athléimneacht. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint d'iarracht a dhéanamh ailíniú leis na gnéithe cothrománacha sin a shaothrú, go háirithe i réimse an dícharbónaithe agus i réimse na slándála eacnamaíche. Molann an tAontas don tír leanúint dá hiarrachtaí an fhiontraíocht shóisialta agus an fhreagracht shóisialta chorpáraideach a chur chun cinn.

Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá cur chuige tionsclaíoch straitéiseach fairsing na Moldóive, lena ndírítear ar infheistíocht agus ar fhorbairt earnáilsonrach réigiúnach. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv idirnáisiúnú FBManna agus cnuasaigh a neartú trína rannpháirtíocht mhéadaithe i gclár an Aontais. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Mholdóiv ailínithe go páirteach le beartas agus ionstraimí FBM an Aontais i réimse **an bheartais agus na n-ionstraimí fiontraíochta**. Tá sé léirithe ag an tír go bhfuil creat beartais agus straitéis chomhleanúnach ann do FBManna. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Mholdóiv athbhreithniú a dhéanamh ar a sainmhíniú ar FBM. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv féachaint ar na deiseanna laistigh de Chlár an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le comhar idir cnuasaigh, an Líonra Fiontar Eorpach agus Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv ailíniú iomlán le *acquis* an Aontais maidir le híocaíochtaí déanacha a áirithiú, ós rud é go gcuireann an togra le haghaidh Rialachán ón Aontas leis an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le tionscnaimh thionsclaíocha shonracha. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an inbhuanaitheacht a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe sa turasóireacht, i dteicstílí agus sa tógáil, chomh maith le rialachas sonraí agus bailiú sonraí sa turasóireacht. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin dlús a chur lena hiarrachtaí, go háirithe in earnálacha inar gá tuilleadh ailínithe le *acquis* an Aontais, lena n-áirítear tógáil, mianadóireacht, amhábhair chriticiúla, cosaint agus tionscal na cruach.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil institiúidí agus straitéisí i bhfeidhm ag an Moldóiv chun an t-éilliú i réimse na tionsclaíochta agus na fiontraíochta a chomhrac. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint de na hiarrachtaí i gcomhrac an éillithe, go háirithe trí shláine gnó a chomhtháthú i straitéisí náisiúnta agus in ardáin réigiúnacha.

Caibidil 25 – Eolaíocht agus taighde

Is díol sásaimh don Aontas, maidir leis an mbeartas taighde agus nuálaíochta, go bhfuil an Mholdóiv comhlachaithe go hiomlán leis an gclár Fís Eorpach – an Clár Réime suaitheanta um Thaighde agus um Nuálaíocht agus go bhfuil sí ar chonair mhaith i dtreo a rannpháirtíocht sa Chlár Réime a mhéadú a thuilleadh. Mar sin féin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv rannpháirtíocht na hearnála príobháidí sa chlár a mhéadú, go háirithe rannpháirtíocht FBManna nuálacha.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ag an Moldóiv i dtreo a comhtháthaithe sa Limistéar Eorpach Taighde agus gur cheart di leanúint dá rannpháirtíocht ghníomhach i bhfóiraim agus i ngníomhaíochtaí ábhartha an Limistéir sin. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint dá hacmhainneachtaí a neartú chun comhtháthú breise a dhéanamh sa Limistéar Eorpach Taighde, lena n-áirítear creat institiúideach náisiúnta cuimsitheach a bheith ann lena ngabhfaidh dáileadh soiléir freagrachtaí, chomh maith le foireann leordhóthanach. Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv leibhéal na hinfheistíochta sa taighde agus san eolaíocht a mhéadú de réir a chéile, lena n-áirítear cistiú poiblí méadaithe.

Molann an tAontas don Mholdóiv leanúint dá cuid oibre chun an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste agus an Straitéis Forbartha Náisiúnta a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar a héiceachóras taighde agus nuálaíochta.

Meabhraítear don Aontas gur cheart don Mholdóiv feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht sa Scórchlár Eorpach Nuálaíochta.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil creat dlíthiúil agus institiúideach ag an Moldóiv chun **an t-éilliú a chomhrac i réimse an taighde agus na heolaíochta**. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór don Mholdóiv an creat agus a éifeachtacht a threisiú trí staidreamh a bhaineann leis an éilliú a bhailiú agus a anailísiú go córasach, trí shásraí braite agus smachtbhannaí a fheabhsú, agus leanúint d'fhaireachán rialta a dhéanamh chun cur chun feidhme éifeachtach i réimse an taighde agus na nuálaíochta a áirithiú.

Caibidil 26 – Oideachas agus cultúr

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le hoideachas agus oiliúint. Is díol sásaimh don Aontas gur spéis leis an Moldóiv comhlachas a dhéanamh le Erasmus+. Measann an tAontas gur gá don Mholdóiv buiséad leordhóthanach a choimeád ar bun don oideachas i gcomhréir lena huaillmhianta agus lena spriocanna. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir le bailiú sonraí, úsáid an Chórais Faisnéise Bainistíochta Oideachais le haghaidh ceapadh beartas, idir-inoibritheacht iomlán a áirithiú ar fud na bhfo-earnálacha oideachais, agus tuairisciú poiblí rialta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv iarrachtaí breise a dhéanamh chun rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige agus inbhuanaitheacht an oideachais agus an chúraim sin a áirithiú, agus chun rochtain leanúnach, chuimsitheach agus inacmhainne ar oideachas agus ar chúram ar ardchaighdeán a áirithiú do gach leanbh, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun oideachas atá bunaithe ar inniúlachtaí a chur chun feidhme, tacú le múinteoirí agus le hoiliúnóirí le huirliisí agus oiliúint leordhóthanach chun foghlaim ardcháilíochta a chur ar fáil go héifeachtach, agus chun scileanna digiteacha a neartú.

Ina theannta sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv, i réimse an ardoideachais, príomhghealltanais Phróiseas Bologna a chur chun feidhme go hiomlán agus ailíniú le Communiqué Thiorána agus Communiqué na Róimhe, go háirithe maidir leis an ngné shóisialta agus na luachanna acadúla. Meabhraítear don Aontas nach mór don Mholdóiv dul chun cinn leordhóthanach a dhéanamh maidir leis na spriocanna a leagtar síos faoi Limistéar Eorpach an Ardoideachais a bhaint amach agus nach mór di córas faireacháin a chur i bhfeidhm lena rianaítear na spriocanna sin.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le **gairmoideachas agus gairmoiliúint** agus scileanna le haghaidh infhostaitheachta agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Measann an tAontas gur gá don Mholdóiv acmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun an córas gairmoideachais agus gairmoiliúna a bharrfheabhsú i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair, chun rannpháirtíocht cailíní agus grúpaí leordhóthanacha a fheabhsú, lena n-áirítear fothú acmhainneachta agus méadú ar líon agus ar chaighdeán na múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheabhsú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv comhordú na foghlama ar feadh an tsaoil a threisiú agus na deiseanna a bhaineann léi a leathnú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin glacadh micridhintiúr a chur chun cinn agus smaoineamh ar chuntais foghlama aonair a thionscnamh. Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil an Mholdóiv ina comhalta den Chomhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí, agus iarrann sé ar an Moldóiv, tríd an rannpháirtíocht sin, Moladh 2018 ón gComhairle maidir le creat Eorpach do phrintíseachtaí ardcháilíochta éifeachtacha a chur chun feidhme.

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn maith atá déanta ag an Moldóiv maidir leis an **óige** agus tugann sé dá aire ag an am céanna a hailíniú páirteach le *acquis* an Aontais faoi seach. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint de thosaíocht a thabhairt don obair óige agus do rannpháirtíocht na n-óg agus leanúint de bheith ag cloí leis an gclár oibre Eorpach don obair óige mar phríomhchuspóirí. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv freisin a áirithiú go gcuirfear cuspóirí straitéiseacha chun feidhme go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir leis an **spórt** agus cuireann sé i bhfios go láidir nach mór don Mholdóiv leanúint den ailíniú reachtach le *acquis* spóirt an Aontais agus bearta sláine sa spórt a neartú, lena n-áirítear bearta in aghaidh na dópála, dea-rialachas agus cúbláil cluichí a chosc.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú páirteach na Moldóive le *acquis* an Aontais maidir le **cúrsaí cultúir**. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv an Straitéis Náisiúnta i Réimse an Chultúir agus na hOidhreacht Cultúrtha le haghaidh 2025-2035 a chur chun feidhme. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv bearta soiléire, trédhearcacha agus éifeachtacha a ghlacadh maidir le cosaint na hoidhreacht cultúrtha agus maidir leis an bhfrithgháinneáil, agus forfheidhmiú na mbeart sin a áirithiú. Iarrann an tAontas ar an Moldóiv leanúint de dheiseanna a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha comhoibriú lena bpiaraí i dtíortha an Aontais, go háirithe trí pháirt a ghlacadh i gclár an Aontais chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur shínigh an Mholdóiv comhaontú maidir le rannpháirtíocht na tíre i gclár Eoraip na Cruthaitheachta, clár suaitheanta an Aontais chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, chun go mbeidh eagraíochtaí na Moldóive ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta in ann tairbhe a bhaint as na glaonna a fhoilsítear faoin gclár.

Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn atá déanta ag an Moldóiv maidir le **comhrac an éilithe san oideachas, san óige, sa spórt agus sa chultúr** i ndáil le forfheidhmiú, acmhainneacht institiúideach agus cuntasacht a fhorbairt ar fud na n-earnálacha ar fad.

Caibidil 29 – an tAontas custaim

Is díol sásaimh don Aontas go ndearna an Mholdóiv dul chun cinn maidir lena hailíniú le *acquis* an Aontais i ndáil leis an **reachtaíocht chustaim**. Tugann an tAontas dá aire go dearfach ardleibhéal ailínithe Chód Custaim na Moldóive le Cód Custaim an Aontais.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv a **creat dlíthiúil** a ailíniú a thuilleadh le *acquis* an Aontais sa réimse sin. Go háirithe, ba cheart don Mholdóiv leanúint dá reachtaíocht náisiúnta a ailíniú le Cód Custaim an Aontais agus leis an reachtaíocht thánaisteach chomhfhreagrach chomh maith le reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais mar shampla maidir le faoisimh ó dhleacht chustaim, forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla, earraí cultúrtha, airgead tirim, réamhtheachtaithe drugaí agus earraí dé-úsáide. Ba cheart don Mholdóiv deireadh a chur de réir a chéile leis na forálacha idirthréimhseacha dá bhforáiltear i gCód Custaim na Moldóive, lena n-áirítear na forálacha maidir le hearraí nach earraí intíre iad a phróiseáil i saorchriosanna is infheidhme maidir le cuideachtaí a bunaíodh sna limistéir sin roimh an 1 Eanáir 2024.

Maidir leis an iarraidh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo san idirthréimhse, iarraidh a bhaineann leis an gcóras custaim chun earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a phróiseáil i saorchriosanna le haghaidh cónaitheoirí atá bunaithe sna criosanna sin roimh an 1 Eanáir 2024, measann an tAontas nach bhfuil gá leis an maolú sin le haghaidh líon teoranta cuideachtaí i bhfianaise Airteagal 247 de Chód Custaim an Aontais lena mbunaítear na nósanna imeachta chun earraí nach earraí de chuid an Aontais a láimhseáil i saorchriosanna chun maoirseacht chustaim éifeachtach a áirithiú. Dá bhrí sin, iarrann an tAontas ar an Moldóiv na nósanna imeachta chun earraí nach earraí intíre iad a phróiseáil i saorchriosanna a ailíniú leis na forálacha i gCód Custaim an Aontais a luaithe is féidir gan eisceachtaí do chuideachtaí sonracha.

Is díol sásaimh don Aontas **acmhainneacht** leordhóthanach **riaracháin agus oibríochtúil** na Moldóive chun na cúraimí custaim atá uirthi faoi láthair a chomhlíonadh. I bhfianaise na bhfreagrachtaí agus na n-oibleagáidí a bheidh ann amach anseo a eascraíonn as cur i bhfeidhm *acquis* an Aontais a bheith ag dul i méid, iarrann an tAontas ar an Moldóiv a hacmhainneacht riaracháin agus oibríochtúil a threisiú, lena n-áirítear a creat in aghaidh an éillithe, i réimse an chustaim. Is díol sásaimh don Aontas atheagrú na Seirbhíse Custaim darb aidhm an t-eagrú inmheánach a bharrfheabhsú trí fheidhmeanna áirithe, mar shampla anailís riosca, iar-imréiteach, agus iniúchóireacht a lárú, agus trí dháileadh na gcúraimí agus na ndualgas a fheabhsú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá don Mholdóiv leanúint de phróisis chustaim a uathoibriú chomh maith lena córais TF custaim a fhorbairt agus a uasghrádú, i gcomhréir le ceanglais an Aontais, chun idir-inoibritheacht le timpeallacht dhigiteach chustaim an Aontais a chumasú. Meabhraítear don Aontas gur gá don Mholdóiv acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a shannadh le haghaidh na bhforbairtí TF uile atá ar siúl agus atá beartaithe, lena n-áirítear na forbairtí sin a bhaineann le héabhlóid bhreise ar thimpeallacht dhigiteach chustaim an Aontais.

Is díol sásaimh don Aontas go bhfuil struchtúir agus bearta in aghaidh an éillithe i bhfeidhm ag an Moldóiv chun **an t-éilliú a chomhrac i réimse an chustaim**, ach cuireann sé i bhfios go láidir nach mór na bearta seo a neartú i bhfianaise an aontachais. Leagann an tAontas béim ar an ngá atá ag an Moldóiv acmhainneacht leordhóthanach riaracháin agus oibríochtúil agus sláine an riaracháin custaim a áirithiú chomh maith leis an mbonneagar is gá ina lároifigí custaim agus oifigí áitiúla custaim chun a reachtaíocht chustaim a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus chun gluaiseachtaí trasteorann a rialú agus a mhaoirsiú go héifeachtach.

Cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé an comhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus le Ballstáit an Aontais a neartú chun calaois chustaim trasteorann amhrasta agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a bhrath, a imscrúdú agus a chomhrac.

* * *

I bhfianaise staid reatha ullmhúcháin na Moldóive, agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an Mholdóiv na tagarmharcanna eatramhacha maidir le Cnuasach 1, tugann an tAontas dá aire, ar an tuiscint go gcaithfidh an Mholdóiv leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hailíniú agus cur chun feidhme *acquis* an Aontais a chumhdaítear leis na caibidlí seo a leanas, agus gan dochar d'aon choinníollacha breise a bhunaítear sna tagarmharcanna breise a shainítear do Chnuasach 3, nach bhféadfar clabhsúr sealadach a chur orthu sin go dtí go gcomhaontóidh an tAontas go gcomhlíonfar na tagarmharcanna seo a leanas:

Caibidil 10 – an claochlú digiteach agus na meáin

- Tá ardleibhéal ailínithe bainte amach ag an Moldóiv le *acquis* an Aontais maidir le cumarsáid leictreonach – lena n-áirítear na forálacha maidir le neamhspleáchas an Údaráis Rialála Náisiúnta, maidir le seirbhísí agus margaí digiteacha, iontaoibh dhigiteach agus cibearshlándaíl, sonraí, leathsheoltóirí, intleacht shaorga agus seirbhísí meán closamhairc.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach aici chun reachtaíocht náisiúnta atá ailínithe le *acquis* an Aontais a fhorfheidhmiú i réimsí na cumarsáide leictreonaí, na seirbhísí agus na margaí digiteacha, na hiontaoibhe digití agus na cibearshlándála, na sonraí, na leathsheoltóirí, na hintleachta saorga agus na seirbhísí meán closamhairc. Faoi thráth an aontachais, áiritheoidh an Mholdóiv go gcomhlíonfar go hiomlán ceanglais *acquis* na meán chun saoirse agus iolrachas na meán a áirithiú. Áiritheoidh an Moldóiv freisin neamhspleáchas iomlán na n-údarás rialála náisiúnta faoi seach, faoi thráth an aontachais.

Caibidil 16 – Cánachas

- Tá ardleibhéal ailínithe le *acquis* an Aontais bainte amach ag an Moldóiv sna réimsí ar gá tuilleadh ailínithe a dhéanamh ina leith, go háirithe maidir le cánachas díreach agus indíreach, lena n-áirítear CBL, dleachtanna máil, cánachas gluaisteán, chomh maith le comhar riaracháin i réimse an chánachais. Áirítear leis sin amlíne a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun ailíniú de réir a chéile le rialacha an Aontais sna réimsí seo a leanas: CBL agus dleachtanna máil ar tháirgí fuinnimh, alcól agus deochanna alcólacha agus tobac monaraithe, lena n-áirítear ailíniú leis an raon feidhme, leis na díolúintí agus leis na híosrátaí. Áirítear leis sin freisin rialacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le malartú faisnéise, frith-mhí-úsáid agus cánachas gnó.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach aici le hardchaighdeán ionracais sa riarachán cánach, chomh maith leis an mbonneagar is gá ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil araon chun reachtaíocht chánach a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus chun bailiú éifeachtach cánach agus iarrachtaí leanúnacha a áirithiú chun an t-éilliú sa riarachán cánach a chomhrac. Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil na struchtúir agus na socruithe iomchuí i bhfeidhm ag an Lár-Oifig Idirchaidrimh agus ag an Lár-Oifig Idirchaidrimh Máil chun foireann leordhóthanach a bheith acu agus chun go mbeidh siad oibríochtúil tráth an aontachais.
- Tá dul chun cinn leordhóthanach déanta ag an Moldóiv maidir le córais tacaíochta TF a riaracháin cánach a fhorbairt, lena n-áirítear na córais sin a bhaineann le hidirnasacht agus idir-inoibritheacht le córais ábhartha an Aontais – lena n-áirítear na córais sin chun CBL agus dleachtanna máil a riar – agus maidir leis na córais TF is gá a bhunú le haghaidh comhar cánach riaracháin agus malartú faisnéise i réimse an chánachais.

Caibidil 17 – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta

- Tá ailíniú déanta ag an Moldóiv ar a creat dlíthiúil le *acquis* an Aontais chun neamhspleáchas iomlán an bhainc ceannais agus toirmeasc ar mhaoiniú airgeadaíochta na hearnála poiblí agus rochtain phribhléideach a áirithiú agus chun comhtháthú iomlán a bainc ceannais sa Chóras Eorpach Banc Ceannais a chumasú.
- Tá ailíniú déanta ag an Moldóiv ar a creat dlíthiúil ar mhaithe le ceanglais an Aontais maidir le creataí buiséadacha náisiúnta a chomhlíonadh.

Caibidil 19 – Beartas sóisialta agus fostaíocht

- Tá ailíniú déanta ag an Moldóiv ar a reachtaíocht i réimse dhlí an tsaothair agus i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair le *acquis* an Aontais, agus tá léirithe aici go mbeidh struchtúir riaracháin agus cumas forfheidhmiúcháin leordhóthanach i bhfeidhm faoi thráth an aontachais chun *acquis* an Aontais maidir le dlí an tsaothair agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun feidhme i gceart, go háirithe tríd an gcóras cigireachta saothair a neartú.
- Tá ailíniú déanta ag an Moldóiv le *acquis* an Aontais maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann idir mná agus fir i mbeartas fostaíochta agus sóisialta, agus léiríonn sí go mbeidh struchtúir riaracháin, acmhainneachtaí riaracháin agus forfheidhmiúcháin leordhóthanacha i bhfeidhm faoi thráth an aontachais.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach aici chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an chreata reachtaíochta agus an chreata beartais a áirithiú i réimsí na fostaíochta agus na mbeartas sóisialta, lena n-áirítear acmhainneachtaí pleanála agus oibríochtúla, chun idirphlé sóisialta éifeachtach a chothú, chomh maith le hacmhainneachtaí a áirithiú le Ciste Sóisialta na hEorpa a bhainistiú amach anseo.

Caibidil 20 – Beartas fiontraíochta agus beartas tionsclaíoch

- Tá straitéis thionsclaíoch chuimsitheach curtha i bhfeidhm ag an Moldóiv agus tá sí á cur chun feidhme aici i gcomhréir le beartais chomhfhreagracha an Aontais.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil acmhainneachtaí riaracháin leordhóthanacha agus leibhéal comhordúcháin leordhóthanach aici i gcás na n-aireachtaí agus na ngníomhaireachtaí lena mbaineann.

Caibidil 25 – Eolaíocht agus taighde

- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil na hacmhainneachtaí cur chun feidhme is gá aici chun méadú ar infheistíocht sa taighde agus san eolaíocht a áirithiú, go háirithe cistiú poiblí.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil struchtúir curtha i bhfeidhm aici chun go neartófar na héiceachórais taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear cur chun feidhme na straitéise 2024-2027 dar teideal ‘an Mholdóiv Chliste’ agus bearta lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí i réimse an taighde agus na nuálaíochta.
- Cuireann an Mholdóiv an Clár Náisiúnta um Thaighde agus um Nuálaíocht 2024-2027 chun feidhme, go háirithe chun tacú le hí a lánpháirtiú a thuilleadh sa Limistéar Eorpach Taighde.

Caibidil 26 – Oideachas agus cultúr

- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil an creat institiúideach agus beartais is gá, an phleanáil bhuiséadach chomhfhreagrach, mar aon le bearta i gcoinne an éillithe curtha i bhfeidhm aici, agus bhí sé mar aidhm leo cuspóirí beartais an Aontais a chomhlíonadh i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint, an óige, an spórt agus an cultúr. Áirítear leis sin bearta lena laghdófar an bhearna idir na spriocanna a bunaíodh faoin Limistéar Eorpach Oideachais, agus córas faireacháin iontaofa agus idir-inoibritheach a thógáil de réir a chéile, a rianaíonn torthaí ar fud na bhfo-earnálacha uile.

Caibidil 29 – an tAontas custaim

- Tá ardleibhéal ailínithe bainte amach ag an Moldóiv leis na réimsí ar gá tuilleadh ailínithe a dhéanamh ina leith, go háirithe Cód Custaim an Aontais agus leis an reachtaíocht thánaisteach chomhfhreagrach chomh maith le reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais mar shampla maidir le faoisimh ó dhleacht chustaim agus forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla, earraí cultúrtha, airgead tirim, réamhtheachtaithe drugaí agus earraí dé-úsáide.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach riaracháin agus oibríochtúil aici agus ardchaighdeán sláine agus feidhmíochta ina riarachán custaim, chomh maith leis an mbonneagar is gá ina lároifigí custaim, oifigí custaim réigiúnacha agus oifigí áitiúla custaim chun a reachtaíocht chustaim a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, chun gluaiseachtaí trasteorann a rialú agus a mhaoirsiú go héifeachtach agus chun iarrachtaí leanúnacha a áirithiú chun an t-éilliú in earnáil an chustaim a chomhrac.
- Tá sé léirithe ag an Moldóiv go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta maidir le hullmhú agus forbairt na gcóras custaim digiteach is gá chun Cód Custaim an Aontais agus reachtaíocht chustaim eile de chuid an Aontais a chur chun feidhme, trí straitéis náisiúnta TF agus plean cur chun feidhme do chustaim a ullmhú agus a ghlacadh agus trí na hacmhainní buiséadacha agus daonna is gá a áirithiú lena bhféadfar forbairt na gcóras custaim digiteach sin agus a n-idir-inoibritheacht le timpeallacht chustaim dhigiteach an Aontais a áirithiú.

* *

Le linn na caibidlíochta, leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin ábhartha Eorpacha agus maidir le cur chun feidhme an *acquis* agus na gcaighdeán sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na Moldóive a áirithiú, d'fhonn a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainneacht aici ailíniú dlíthiúil a thabhairt chun críche i ngach earnáil faoin gcnuasach sin chomh maith le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú. Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar na naisc idir an cnuasach atá faoi chaibidil anseo agus cnuasaigh chaibidlíochta eile. Ní féidir measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na Moldóive le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha ábhartha ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí den chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chnuasach seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Moldóiv faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an *acquis*.

I bhfianaise na mbreithniúchán uile thuas, beidh ar an gComhdháil filleadh ar an gcnuasach seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua de chuid an Aontais teacht chun bheith ann idir an 7 Deireadh Fómhair 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.